AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 13.4.2011
COIM(2011) 215 leagan deireanach

2011/0093 (COD)

Togra do

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú

{SEC(2011) 482 leagan deireanach}
{SEC(2011) 483 leagan deireanach}

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## *1.1. Cúlra an togra*

San Aontas Eorpach (AE), is féidir cosaint phaitinne a fháil faoi láthair trí oifigí paitinne náisiúnta na mBallstát, ina ndeonaítear paitinní náisiúnta, nó trí Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE) faoi chuimsiú Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha (CPE)[1]. Mar sin féin, a luaithe a dheonaíonn OPE paitinn Eorpach, ní foláir í a bhailíochtú i ngach Ballstát ina bhfuil cosaint phaitinne á lorg. Chun paitinn Eorpach a bhailíochtú i gcríoch Ballstáit, féadfaidh an dlí náisiúnta a cheangal *inter alia* ar shealbhóir na paitinne aistriúchán na paitinne Eorpaí a chomhdú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit sin[2]. Mar sin, tá costais an-mhór agus an-chastacht ag baint leis an gcóras reatha paitinne san AE, go háirithe i dtéarmaí riachtanas aistriúcháin. Bíonn an costas foriomlán a bhaineann le gnáthphaitinn Eorpach a bhailíochtú chomh hard le EUR 12 500 más rud é nach mbailíochtaítear í ach in 13 Bhallstát agus bíonn an costas chomh hard le EUR 32 000 má bhailíochtaítear í san AE ar fad. Meastar go gcaitear tuairim is EUR 193 milliún in aghaidh na bliana ar chostais bhailíochtaithe iarbhír san AE.

Sa straitéis "Eoraip 2020"[3] agus sa Ghníomh um an Margadh Aonair[4], aithníodh gur tosaíocht é geilleagar a bhunú bunaithe ar fhaisnéis agus ar nuálaíocht. Is é atá mar sprioc ag an dá thionscnamh na creatchoinníollacha a fheabhsú do ghnólacht chun críoch nuálaíochta trí chosaint aonadach paitinne a chruthú i mBallstáit an AE mar aon le córas aontaithe Eorpach um dhlíthíocht paitinní.

D'ainneoin go n-aithnítear go forleathan go bhfuil míbhuntáiste ag baint do ghnólachtaí san Eoraip ó thaobh iomaíochais de in éagmais cosanta aonadaí paitinne, níor éirigh leis an Aontas cosaint aonadach phaitinne a bhunú go n-uige seo. Ba i mí Lúnasa 2000 a mhol an Coimisiún den chéad uair Rialachán ón gComhairle maidir leis an bpaitinn Chomhphobail[5]. In 2002, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún Reachtach[6]. In 2003, ghlac an Chomhairle cur chuige coiteann polaitiúil[7], ach ní raibh sí ábalta teacht ar chomhaontú críochnaitheach. Rinneadh pléití maidir leis an togra a athsheoladh sa Chomhairle tar éis don Choimisiún an Teachtaireacht maidir leis an gcóras paitinne a fheabhsú san Eoraip a ghlacadh i mí Aibreáin 2007[8]. Rinneadh an gealltanas paitinn aonadach Chomhphobail a chruthú a dheimhniú sa Teachtaireacht.

---

1 http://www.epo.org

2 D'fhonn na costais a thig as ceanglais bhailíochtaithe a laghdú, in 2000 ghlac Stáit Chonarthacha CPE 'Comhaontú Londain' (Comhaontú maidir le hAirteagal 65 CPE, IO OPE 2001, 550 a chur i bhfeidhm) atá i bhfeidhm faoi láthair in aon Bhallstát déag de chuid an AE agus tá laghdú tagtha ar na riachtanais aistriúcháin dá bharr.

3 COIM(2010) 2020.

4 COIM(2010) 608 leagan deireanach/2.

5 COIM(2000) 412.

6 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir le togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir le paitinn Chomhphobail (COIM(2000) 412 - C5-0461/2000 - 2000/0177(CNS)) (IO C 127E, 29.5.2003, lgh. 519–526).

7 Doiciméad 7159/03 ón gComhairle.

8 COIM(2007) 165.

I gConradh Liospóin tugadh isteach bunús dlí níos sonraí chun cearta maoine intleachtúla Eorpacha a chruthú. De réir Airteagal 118(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá bearta maidir le cearta maoine intleachtúla Eorpacha a chruthú le bunú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. In Airteagal 118(2) den CFAE, áfach, leagtar amach bunús dlí sonrach maidir le socruithe teanga i gcás ceart maoine intleachtúla Eorpach, atá le bunú le nós imeachta reachtach ar leith ón gComhairle ag gníomhú di d'aon toil tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, ní foláir na socruithe teanga i gcás aon chórais aonadaigh paitinne san AE a bhunú trí Rialachán ar leithligh.

I mí na Nollag 2009, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le córas feabhsaithe paitinne don Eoraip[9] agus cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Rialacháin maidir leis an bPaitinn AE[10]. Níor clúdaíodh socruithe aistriúcháin, mar sin féin, i ngeall ar an athrú thuasluaite ar an mbunús dlí.

An 30 Meitheamh 2010, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir le socruithe aistriúcháin don phaitinn Chomhphobail[11]. Bhí tuarascáil ar an Measúnú Tionchair[12] ag gabháil leis an togra, tuarascáil ina raibh anailísiú déanta ar roghanna éagsúla do na socruithe aistriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Beag beann ar na hiarrachtaí suntasacha a rinne Uachtaránacht na Comhairle, rinneadh taifead ag cruinniú na Comhairle Iomaíochais an 10 Samhain 2010 nach rabhthas ábalta teacht ar chomhaontú d'aon toil maidir leis na socruithe aistriúcháin[13]. Deimhníodh ag cruinniú na Comhairle Iomaíochais an 10 Nollaig 2010[14] go raibh deacrachtaí dosháraithe ann, rud a d'fhág nach bhféadfaí teacht ar chinneadh d'aon toil ansin nó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ní féidir cuspóirí na Rialachán beartaithe maidir le cosaint ionadach phaitinne a bhunú san Aontas Eorpach ar fad a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta trí fhorálacha ábhartha na gConarthaí a chur i bhfeidhm.

I ngeall ar iarraidh ó dhá Bhallstát déag (An Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, Ríocht Aontaithe, an tSlóivéin agus an tSualainn) chuir an Coimisiún togra[15] faoi bhráid na Comhairle maidir le comhar feabhsaithe a údarú i ndáil le cosaint aonadach phaitinne. Shonraigh na Ballstáit uile ina n-iarrataí gur cheart tograí reachtacha an Choimisiúin laistigh den chomhar feabhsaithe a bheith bunaithe ar na hidirbheartaíochtaí a bhí ar siúl le déanaí sa Chomhairle. Tar éis an togra a ghlacadh, d'iarr an Bheilg, an Ostair, Éire, an Phortaingéil, Málta, an Bhulgáir, an Rómáin, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir, Laitvia, an Ghréig agus an Chipir bheith rannpháirteach sa chomhar freisin. Ghlac an Chomhairle an togra le haghaidh an chinnidh um údarú tar éis di toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil, an 10 Márta 2011. Trí bhíthin an rialacháin reatha, cuirtear an comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú mar atá údaraithe le Cinneadh 2011/167/AE ón gComhairle[16].

---

[9] Doiciméad 17229/09 ón gComhairle.

[10] Doiciméad 16113/09 ón gComhairle Aguisín 1. Athrú ar an téarmaíocht (ó “paitinn Chomhphobail” go “paitinn AE”) i ngeall ar Chonradh Liospóin a theacht i bhfeidhm

[11] COIM(2010) 350.

[12] SEC(2010) 796.

[13] Preas-ráiteas ó chruinniú urghnách na Comhairle “Competitiveness (Internal Market, Industry, Research and Space)” (Iomaíochas (Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus Spás), 16041/10, 10.11.2011.

[14] Féach preasráiteas 17668/10.

[15] COIM(2010) 790.

[16] Cinneadh 2011/167/AE ón gComhairle an 10 Márta 2011 lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú (IO. L 76, 22.3.2011, lch. 53).

### *1.2. Cur chuige dlíthiúil*

I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún in 2000, cuireann an togra seo le córas na bpaitinní Eorpacha atá ann cheana trí éifeacht aonadach a thabhairt do phaitinní Eorpacha a dheonaítear do chríocha na mBallstát rannpháirteach. Beidh an chosaint aonadach phaitinne roghnach agus beidh sí ann ag an am céanna le paitinní naisiúnta agus Eorpacha. Féadfaidh sealbhóirí na bpaitinní Eorpacha arna ndeonú ag OPE iarraidh a chur isteach chuig OPE laistigh de mhí amháin tar éis lua dheonú na paitinne Eorpaí a fhoilsiú, ag iarraidh go ndéanfar an éifeacht aonadach a chlárú. A luaithe is atá sí cláraithe, tabharfaidh an éifeacht aonadach cosaint aonfhoirmeach agus beidh éifeacht chomhionann aici ar fud chríocha na mBallstát rannpháirteach go léir. Ní fhéadfar paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a dheonú, a thraschur, a chúlghairm nó a dhul in éag ach amháin i ndáil leis na críocha sin ina n-iomláine. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirteacha cúram riaracháin na bpaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach do OPE.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

I mí Eanáir 2006, sheol an Coimisiún comhairliúchán leathan maidir leis an mbeartas paitinne amach anseo san Eoraip[17]. Fuarthas níos mó ná 2 500 freagra ó gheallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear gnólachtaí in earnálacha uile an gheilleagair, comhlachais ghnó agus comhlachais fiontar beag agus meánmhéide, cleachtóirí paitinne, údaráis phoiblí agus lucht léinn. Bhí na freagróirí ag iarraidh córas Eorpach paitinne lena dtabharfaí dreasachtaí do nuálaíocht, lena n-áiritheofaí scaipeadh eolais eolaíoch, lena n-éascófaí traschur teicneolaíochta, agus ar córas é a bheadh ar fáil do na gníomhaithe ar fad sa mhargadh agus atá cinnte ó thaobh dlí. Léirigh na freagraí go soiléir díomá na ngeallsealbhóirí leis an easpa dul chun cinn sa tionscadal paitinne Comhphobail. Go háirithe, dhiúltaigh na freagróirí ar fad, beagnach, (úsáideoirí an chórais phaitinne) na socruithe aistriúcháin a áiríodh i gcur chuige coiteann polaitiúil na Comhairle 2003 inar leagadh síos go mbeadh ar shealbhóir na paitinne aistriúchán ar na héilimh a sholáthar (a mbeadh éifeacht dhlíthiúil aige) i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Chomhphobail.

Tríd is tríd, thug na geallsealbhóirí le fios go dtacaíonn siad le paitinn Chomhphobail a bheadh aonadach, ar phraghas réasúnta agus iomaíoch. Tugadh an teachtaireacht sin arís ag éisteacht phoiblí a tionóladh an 12 Iúil 2006, áit inar dhearbhaigh a lán geallsealbhóirí éagsúla gur thacaigh siad le paitinn fíoraonadach d'ardcháilíocht a chruthú. Leag siad béim air, áfach, nár cheart an bonn a bhaint d'úsáideacht an tionscadail i ngeall ar chomhréitigh pholaitiúla. Go háirithe, leag ionadaithe na bhfiontar beag agus meánmhéide béim ar thábhacht costas réasúnta a bheith ar phaitinniú.

Díríodh go cuimsitheach freisin ar cheist na cosanta aonadaí paitinne sa chomhairliúchán ar an Acht um Ghnólachtaí Beaga san Eoraip, ina raibh réimse tionscnamh dírithe ar chuidiú le FBManna Eorpacha[18]. D'aithin na fiontair bheaga agus mheánmhéide leibhéal ard na dtáillí paitinne agus castacht dhlíthiúil an chórais phaitinne mar chonstaicí móra[19]. Ina n-aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán, d'iarr gnólachtaí i gcoitinne agus ionadaithe FBManna go háirithe laghdú suntasach ar chostais phaitinne i gcás paitinne aonadaí amach

---

17 Tá an doiciméad comhairliúcháin, freagraí ó gheallsealbhóirí agus tuarascáil ar réamhthorthaí an chomhairlliúcháin ar fáil ar: http://ec.europa.eu/internal_market/indprop/patent/consultation_en.htm.

18 COIM(2008) 394.

19 http://ec.europa.eu/enterprise/policies/sme/small-business-act/

anseo[20].Rinne geallsealbhóirí éagsúla tagairt do chosaint aonadach phaitinne i bpáipéir seasaimh le déanaí. Deimhníonn comhlachais ghnó Eorpacha, amhail BusinessEurope[21], UEAPME[22] agus Eurochambres[23] gurb é atá ag teastáil ó ghnóthais, idir mhór is bheag, cosaint phaitinne atá simplithe, éifeachtach ó thaobh costais de agus inrochtana. Tá eagraíochtaí náisiúnta gnó i roinnt mhaith Ballstát agus ar fud na n-earnálacha tionscail tar éis na saincheisteanna céanna a ardú[24].

Leag geallsealbhóirí béim air gur cheart aon réiteach ar chosaint aonadach phaitinne a bheith bunaithe ar mheicníochtaí atá ann cheana chun paitinní a dheonú san Eoraip, agus nár cheart go mbeadh gá le hathbhreithniú ar Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha.

## 3. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Gabhann measúnú tionchair leis an togra seo, measúnú ina sonraítear príomhfhadhbanna an chórais phaitinne Eorpaigh reatha: (i) costais arda a bhaineann le paitinní Eorpacha a aistriú agus a fhoilsiú, (ii) difríochtaí i gcothabháil paitinní sna Ballstáit (ní foláir na táillí athnuachana bliantúla a íoc gach bliain i ngach tír ina mbailíochtaítear an phaitinn); agus (iii) an chastacht riaracháin a bhaineann le traschur, ceadúnais agus cearta eile i ndáil le paitinní a chlárú. Dá bhrí sin, de bharr a chostasaí agus a chasta atá cosaint chuimsitheach phaitinne san Eoraip, níl an chosaint sin inrochtana do roinnt mhaith ceapadóirí agus cuideachtaí.

Déantar anailís ar na roghanna seo a leanas sa mheasúnú tionchair:

Rogha 1 (Suíomh tagartha) – ní dhéanfaidh an Coimisiún beart ar bith,

Rogha 2 – leanfaidh an Coimisiún ag obair leis na hinstitiúidí eile i dtreo phaitinn AE lena gclúdófar 27 Ballstát,

Rogha 3 – tíolacfaidh an Coimisiún tograí le haghaidh rialachán lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme:

Forogha 3.1 – molfaidh an Coimisiún socruithe aistriúcháin is infheidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne, ar socruithe iad a chomhfhreagraíonn dá thogra an 30 Meitheamh 2010, nó

---

20 UEAPME Expectations on the Proposal for a European Small Business Act (Ionchais UEAPME maidir leis an togra le haghaidh Ghníomh Mionghnóthas na hEorpa, ar fáil ar www.ueapme.com. Response to the Consultation on a Small Business Act for Europe (Freagairt ar an gComhairliúchán ar Ghníomh Mionghnóthas na hEorpa), ar fáil ar http://www.eurochambres.eu

21 Views on key issues of the patent reform debate in Europe (Tuairimí ar bhuncheisteanna faoin diospóireacht maidir le leasú paitinne san Eoraip) ar fáil ar http://www.businesseurope.eu

22 Position on the recent policy developments on the European Community patent (Seasamh maidir leis na forbairtí le déanaí ar phaitinn an Chomhphobail Eorpaigh), ar fáil ar: http://www.ueapme.com

23 Position paper on the European Patent System (Dearcpháipéar ar Chóras na bPaitinní Eorpacha) ar fáil ar: http://www.eurochambres.eu

24 http://www.eurochambres.eu Páipéir seasaimh ó BDI (Bundesverband der Deutschen Industrie), DIHK (Deutscher Industrie- und Handelskammertag), CBI (Confederation of British Industries), CCIP (Chambre de commerce et d'industrie de Paris), CGPME (Confédération générale des petites et moyennes entreprises), Unioncamere, DigitalEurope, Orgalime, ACT (Association for Competitive Technology), Cefic agus eagraíochtaí eile.

Forogha 3.2 – molfaidh an Coimisiún socruithe aistriúcháin is infheidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne bunaithe ar a thogra an 30 Meitheamh 2010 agus lena n-ionchorprófar gnéithe de thogra comhréitigh a phléigh an Chomhairle.

Léirigh an anailís a rinneadh sa mheasúnú tionchair gurb é rogha 3 in éineacht le forogha 3.2 rogha na tosaíochta.

Ní féidir díriú ar na fadhbanna seo ach ar leibhéal an AE, toisc nach mbeadh na Ballstáit in ann na héifeachtaí dlíthiúla a ghabhann le paitinní, arb ionann iad i roinnt Ballstát, a bhunú iad féin in éagmais ionstraime dlíthiúla ón AE.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

I gCinneadh ón gComhairle 2011/167/AE údaraíodh na Ballstáit atá liostaithe in Airteagal 1 den Chinneadh sin comhar feabhsaithe a bhunú maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú.

Déantar foráil in Airteagal 118 (1) den CFAE maidir le bunús dlí chun cearta maoine intleachtúla Eorpacha a chruthú lena dtugtar cosaint aonfhoirmeach ar fud an Aontais Eorpaigh trí bhíthin rialacháin arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar ar bith ag an togra seo ar bhuiséad an Aontais.

## 6. TUAIRISC MHIONSONRAITHE

### Airteagal 1 – Ábhar

San Airteagal seo, sainmhínítear ábhar an Rialacháin seo lena gcuirtear an comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú arna údarú le Cinneadh 2011/167/AE ón gComhairle. Tá sé soiléir ann gurb ionann an Rialachán seo agus comhaontú speisialta de réir bhrí Airteagal 142 de CPE.

### Airteagal 2 - Sainmhínithe

Déantar foráil san Airteagal seo maidir le sainmhínithe na bpríomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán seo.

### Airteagal 3 – Paitinn Eorpach le héifeacht aonadach

Foráiltear san Airteagal seo go bhféadfaidh paitinní Eorpacha tairbhiú d'éifeacht aonadach sna Ballstáit rannpháirteacha ar chuntar go bhfuil a n-éifeacht aonadach cláraithe sa Chlár um chosaint aonadach phaitinne. Ina theannta sin, leagtar síos príomhghnéithe na paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach: í a bheith de chineál aonadach, cosaint aonfhoirmeach á tabhairt aici agus éifeacht chomhionann aici sna Ballstáit rannpháirteacha go léir. Leanann sé as sin, de ghnáth, nach bhféadfar paitinn Eorpach le héifeacht aonadach a theorannú, a cheadúnú, a thraschur, a chúlghairm nó a dhul in éag ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach go

léir. Ar deireadh, measfar nach bhfuil éifeacht aonadach paitinne Eorpaí tagtha chun cinn a mhéid is go bhfuil an phaitinn Eorpach culghairmthe nó teoranta.

**Airteagal 4 – Dáta feidhme**

Tiocfaidh paitinn Eorpach le héifeacht aonadach i bhfeidhm sna Ballstáit rannpháirteacha ar an dáta ar a bhfoilsíonn OPE lua dheonú na paitinne Eorpaí. I gcás ina bhfuil an éifeacht aonadach cláraithe, sonraítear go ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha na bearta is gá chun a áirithiú go measfar nach bhfuil paitinn Eorpach tagtha i bhfeidhm mar phaitinn náisiúnta ina gcríoch ar an dáta ar a bhfoilsítear lua an deonúcháin i bFeasachán na bPaitinní Eorpacha.

**Airteagal 5 - Réamhchearta**

I gcás teorannú nó cúlghairme ar fhoras easpa úrnuachta de bhun Airteagal 54(3) de CPE, ní thiocfaidh teorannú nó cúlghairm paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach i bhfeidhm ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach/an Bhallstáit rannpháirtigh atá ainmnithe san iarratas níos luaithe ar phaitinn Eorpach mar atá foilsithe.

**Airteagal –6 Ceart um úsáid dhíreach an aireagáin a chosc**

Leagtar síos san Airteagal seo an ceart atá ag sealbhóir paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach tríú páirtithe nach bhfuil a thoiliú acu a chosc ó tháirge is ábhar don phaitinn a dhéanamh, a thairiscint, a chur ar an margadh nó a úsáid, nó an táirge a allmhairiú nó a stóráil chun na críocha sin. Ina theannta sin, is féidir le sealbhóir na paitinne tríú páirtithe a chosc ó phróiseas is ábhar don phaitinn a úsáid nó, nuair is eol do thríú páirtí, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go bhfuil cosc ar úsáid an phróisis gan chead ón sealbhóir, is féidir leis é a chosc ón bpróiseas a thairiscint le húsáid laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha. Ar deireadh, is féidir leis an sealbhóir tríú páirtithe a chosc ó tháirge a thairiscint, a chur ar an margadh, a úsáid, a allmhairiú nó a stóráil chun na críocha sin i gcás táirge a fuarthas go díreach ó phróiseas is ábhar don phaitinn.

**Airteagal 7 – Ceart um úsáid indíreach an aireagáin a chosc**

San Airteagal seo, leagtar síos ceart an tsealbhóra paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach aon tríú páirtí a chosc ó mhodhanna a bhaineann le heilimint shár-riachtanach den aireagán sin a sholáthar, nó a thairiscint iad a sholáthar, laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha, do dhuine ar bith gan toiliú an tsealbhóra, seachas páirtí atá i dteideal an aireagáin phaitinnithe a shaothrú. Baineann na modhanna sin leis an eilimint shár-riachtanach den aireagán a chur i bhfeidhm ann, nuair is eol don tríú páirtí, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go bhfuil na modhanna sin oiriúnach chun an t-aireagán sin a chur i bhfeidhm agus go bhfuil siad beartaithe chuige sin. Ní bheidh feidhm ag an méid sin, áfach, nuair is príomhtháirgí tráchtála iad na modhanna, ach amháin nuair a aslaíonn an tríú páirtí an duine ar soláthraíodh na modhanna dó chun tabhairt faoi ghníomhartha a choisctear de réir Airteagal 6.

**Airteagal 8 – Éifeachtaí na paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach a theorannú**

San Airteagal seo déantar foráil maidir le roinnt teorainneacha ar na héifeachtaí arna ndeonú leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach. Go háirithe, ní bheidh feidhm ag na héifeachtaí sin maidir le gníomhartha a dhéantar go príobháideach agus chun críoch neamhthráchtála, maidir le gníomhartha a dhéantar chun críoch turgnaimh a bhaineann le hábhar an aireagáin phaitinnithe nó maidir le hullmhúchán leithleach cógais do chásanna indibhidiúla i gcógaslann i gcomhréir le hoideas liachta. Ní choisctear ach oiread,

gníomhartha eile arna gceadú faoi dhlí an Aontais, go háirithe gníomhartha a bhaineann le táirgí míochaine tréidliachta, táirgí míochaine le caitheamh ag an duine, cearta maidir le cineálacha plandaí agus cosaint dlí ríomhchlár trí chóipcheart agus cosaint dlí aireagán biteicneolaíoch. Ar deireadh, ní bheidh feidhm ag na héifeachtaí arna ndeonú leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach maidir le húsáid an aireagáin phaitinnithe ar bord soitheach, aerárthach nó feithiclí talún de chuid tíortha seachas na Ballstáit rannpháirteacha, nuair a théann na soithigh, aerárthaigh nó feithiclí sin isteach in uiscí Ballstát rannpháirteach go sealadach nó de thaisme ná maidir le húsáid beostoic chosanta chun críoch feirmeoireachta ag feirmeoir, ar chuntar gur dhíol sealbhóir na paitinne na hainmhithe póir nó aon ábhar pórúcháin eile ainmhithe leis an bhfeirmeoir nó gur thráchtáil sé ar bhealach eile iad leis an bhfeirmeoir, lena thoiliú.

**Airteagal 9 – Ídiú na gceart arna ndeonú ag an bPaitinn Eorpach le héifeacht aonadach**

Ní bheidh feidhm ag na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach maidir le gníomhartha a bhaineann leis an táirge arna chlúdach ag an bpaitinn sin ar gníomhartha iad a dhéantar laistigh de chríocha na mBallstát rannpháirteach tar éis do shealbhóir na paitinne an táirge sin a chur ar an margadh san Aontas nó a thoiliú a thabhairt chuige sin, mura bhfuil forais dhlisteanacha ann ar a gcuirfeadh an sealbhóir i gcoinne tuilleadh tráchtálaithe an táirge.

**Airteagal 10 – Déileáil le paitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar phaitinn náisiúnta**

Déileálfar le paitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar mhír maoine ina hiomláine, agus sna Ballstáit rannpháirteacha uile, mar phaitinn náisiúnta an Bhallstáit rannpháirtigh ina raibh, de réir Chlár na bPaitinní Eorpacha, a ghnáthchónaí nó a phríomhionad gnó ag sealbhóir na paitinne ar an dáta ar ar cuireadh isteach iarratas ar an bpaitinn. Nuair nach bhfuil feidhm ag an méid sin, déileálfar leis an bPaitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar mhír mhaoine amhail is gur paitinn náisiúnta í de chuid an Bhallstáit rannpháirtigh ina raibh ionad gnó ag an sealbhóir ar an dáta sin. Déantar foráil maidir le rialacha speisialta i gcás comhshealbhóirí. Nuair nach bhfuil a ghnáthchónaí ná ionad gnó ag sealbhóir ar bith i mBallstát rannpháirteach, déileálfar leis an bPaitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar mhír mhaoine amhail is gur paitinn náisiúnta í de chuid an Stáit ina bhfuil suíomh Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha.

Ní foláir go mbeidh socruithe dlínsiúla iomchuí a fhreagróidh do riachtanais úsáideoirí an chóras paitinne ag gabháil le cruthú cosanta aonadaí paitinne. Ionas go bhfeidhmeoidh an chosaint aonadach phaitinne i gceart sa chleachtas, ba cheart socruithe dlínsiúla iomchuí a bheith ann chun gur féidir paitinní a chur i bhfeidhm nó a chúlghairm ar fud chríoch na mBallstát rannpháirteach agus chun gur féidir breithiúnais d'ardcháilíocht agus deimhneacht dhlíthiúil do chuideachtaí a áirithiú ag an am céanna. Molfar socruithe dlínsiúla sonracha chomh luath agus is féidir, ag cur san áireamh freisin tuairim le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (A-1/09) maidir le comhoiriúnacht an dréachtchomhaontaithe maidir le Cúirt na bPaitinní Eorpacha agus na bPaitinní AE leis na Conarthaí.

**Airteagal 11 - Ceadúnais chirt**

San Airteagal seo cumasaítear do shealbhóir paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach ráiteas a chur chuig OPE ag rá go bhfuil sé sásta cead a thabhairt do dhuine ar bith an t-aireagán a úsáid mar cheadúnaí i gcomaoin cúitimh iomchuí (ceadúnas conarthach).

**Airteagal 12 – Cur chun feidhme ag na Ballstáit rannpháirteacha**

San Airteagal seo leagtar síos na cúraimí, de réir bhrí Airteagal 143 de CPE, a chuireann na Ballstáit rannpháirteacha ar OPE. Comhlíonfaidh OPE na cúraimí sin i gcomhréir lena rialacha inmheánacha. Déanfaidh OPE iarrataí ar éifeacht aonadach a riar, iontrálacha a bhaineann le paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a áireamh agus a riar i gClár na bPaitinní Eorpacha, ráitis maidir le ceadúnú a ghlacadh agus a chlárú, foilsiú na n-aistriúchán is gá a áirithiú le linn na hidirthréimhse, táillí athnuachana a bhailiú agus a riar (chomh maith le táillí breise), cuid de na táillí athnuachana arna mbailiú a dháileadh ar na Ballstáit rannpháirteacha agus scéim chúitimh i leith costas aistriúcháin a riar d'iarratasóirí atá ag cur iarratas isteach ar phaitinn Eorpach i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais nach teanga oifigiúil de chuid OPE í.

Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gcuirfear isteach iarrataí ar éifeacht aonadach ó shealbhóir na paitinne i dteanga na nósanna imeachta mar atá shainmhínithe in Airteagal 14(3) de CPE tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú lua an deonúcháin i bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha freisin go léireofar an éifeacht aonadach sa Chlár um chosaint aonadach phaitinne, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha. Cuirfear OPE ar an eolas faoi theorainneacha agus faoi chúlghairmeacha paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach.

Leagtar síos san Airteagal seo freisin go mbunóidh na Ballstáit rannpháirteacha Roghchoiste faoi chuimsiú Chomhairle Riaracháin Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha d'fhonn rialachas agus maoirsiú na gcúraimí arna gcur ar OPE a áirithiú. Ar deireadh, áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha cosaint dlí éifeachtach os comhair cúirte náisiúnta i gcoinne cinntí riaracháin OPE agus í ag comhlíonadh na gcúraimí a chuirtear uirthi.

**Airteagal 13 Prionsabal**

Foráiltear san Airteagal seo don phrionsabal go ndéanfar na speansais arna dtabhú ag OPE i gcomhlíonadh na gcúraimí breise a chlúdach le táillí arna nginiúint ag paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach.

**Airteagal 14 – Táillí athnuachana**

Déanfar táillí athnuachana i leith paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a íoc le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha. Más rud é nach n-íoctar táille athnuachana in am is i dtráth, rachaidh an phaitinn Eorpach le héifeacht aonadach in éag.

**Airteagal 15 – Leibhéal na dtáillí athnuachana**

Leagtar amach san Airteagal seo roinnt rialacha agus coinníollacha atá le cur san áireamh agus leibhéal na dtáillí athnuachana á gcinneadh. Go háirithe, foráiltear ann go mbeidh táillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach forchéimnitheach ar feadh théarma na paitinne agus gur leor iad ní hé amháin chun na costais uile a chlúdach a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a dheonú agus a riar, ach gur leor iad freisin, mar aon leis na táillí atá le híoc le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha le linn na céime réamhdheonúcháin, chun buiséad comhardaithe na hEagraíochta a áirithiú.

Ar deireadh, leagtar síos san Airteagal go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le leibhéal na dtáillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a shocrú.

**Airteagal 16 - Dáileadh**

Maidir leis an gcion lena ndáilfear 50 faoin gcéad de shuim na dtáillí athnuachana arna n-íoc as paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach lúide na costais a bhaineann le riaradh na cosanta aonadaí paitinne i measc na mBallstát rannpháirteach, socróidh an Coimisiún é ar bhonn critéar cóir, cothrom agus ábhartha atá liostaithe san Airteagal seo. Úsáidfidh na Ballstáit rannpháirteacha suim na dtáillí athnuachana a leithdháiltear orthu chun críocha a bhaineann le paitinní.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le dáileadh na dtáillí athnuachana idir Bhallstáit rannpháirteacha.

**Airteagal 17 – An tarmligean a fheidhmiú**

San Airteagal seo tugtar sonraí maidir leis an gcumhacht a bhronntar ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Déantar an tarmligean ar feadh tréimhse éiginnte ama agus féadfaidh Parlaimint na hEorpa (PE) nó an Chomhairle é a chúlghairm am ar bith. Ní foláir fógra a thabhairt do PE nó don Chomhairle i leith aon ghnímh tharmligthe ionas go bhféadfaidh siad agóid a dhéanamh laistigh de thréimhse 2 mhí.

**Airteagal 18 – Comhar idir an Coimisiún agus Oifig na bPaitinní Eorpacha**

Foráiltear san Airteagal seo go mbunóidh an Coimisiún dlúthchomhar le OPE sna réimsí a chuimsítear sa Rialachán seo.

**Airteagal 19 – Dlí na hiomaíochta agus dlí na hiomaíochta éagóraí a chur i bhfeidhm**

San Airteagal seo foráiltear go bhfuil an Rialachán gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta agus dhlí na hiomaíochta éagóraí.

**Airteagal 20 – Tuarascáil ar fheidhmiú an Rialacháin seo**

Gach sé bliana déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an Rialacháin a chur faoi bhráid na Comhairle agus nuair is gá, déanfaidh sé tograí iomchuí maidir lena leasú.

**Airteagal 21 – Fógra ó na Ballstáit rannpháirteacha**

San Airteagal seo ceanglaítear ar na Ballstáit rannpháirteacha fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na bearta a ghlacfaidh siad faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 12.

**Airteagal 22 - Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

San Airteagal seo foráiltear go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, ós rud é go mbeadh na socruithe teanga is infheidhme maidir le paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach á rialú le Rialachán …/… ón gComhairle agus go bhfuil na forálacha substainteacha is infheidhme maidir leis na paitinní sin á rialú leis an Rialachán seo, ba cheart an dá Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhpháirteach amhail ó dháta sonrach amháin. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus Airteagal 12 ar bun roimh dháta an iarratais nó ar an dáta féin. Ar deireadh, leagtar síos gur féidir cosaint aonadach phaitinne a iarraidh do phaitinn Eorpach ar bith ar an dáta ar a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm nó dá éis.

2011/0093 (COD)

Togra do

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 118(1) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/167/AE ón gComhairle an 10 Márta 2011 lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú[25],

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, bunóidh an tAontas margadh inmheánach, oibreoidh sé ar son fhorbairt inbhuanaithe na hEorpa bunaithe ar fhás eacnamaíoch cothromúil, agus cuirfidh sé ascnamh eolaíoch agus teicneolaíoch chun cinn. Cuidítear le cur i gcríoch na gcuspóirí sin trí na coinníollacha dlíthiúla a chruthú lena gcumasaítear do ghnólachtaí a ngníomhaíochtaí maidir le monaraíocht agus dáileadh táirgí thar theorainneacha náisiúnta a oiriúnú agus trí bhreis roghanna agus deiseanna a sholáthar dóibh. Ba cheart go mbeadh cosaint aonfhoirmeach phaitinne laistigh den mhargadh inmheánach, nó cuid shuntasach de ar a laghad, i measc na ngníomhartha dlíthiúla atá ar fáil do ghnólachtaí.

(2) Ba cheart go ndéanfadh an chosaint aonadach phaitinne ascnamh eolaíoch agus teicneolaíoch agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chothú tríd an rochtain ar an gcóras paitinne a dhéanamh níos éasca, níos saoire agus slán ó thaobh dlí de. Ba cheart di leibhéal na cosanta paitinne a fheabhsú tríd an deis a thabhairt cosaint aonfhoirmeach phaitinne a fháil i gcríocha na mBallstát rannpháirteach agus costais agus castacht a dhíchur do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Ba cheart di bheith ar fáil d'iarratasóirí ó Bhallstáit rannpháirteacha agus ó Stáit eile, gan aird ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaíochta.

(3) De bhun Airteagal 118(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairfear 'CFAE' anseo feasta) áirítear ar na forálacha dá bhforáiltear i gcomhthéacs an margadh

[25] IO L 76, 22.3.2011, lch. 53.

inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú, cosaint aonfhoirmeach phaitinne a chruthú ar fud an Aontais agus socruithe láraithe údarúcháin, comhordaithe agus maoirseachta a bhunú ar fud an Aontais.

(4) An 10 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/167/AE lena n-údaraítear comhar feabhsaithe idir an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe (dá ngairfear 'Ballstáit rannpháirteacha' anseo feasta) maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú.

(5) Tríd an gCoinbhinsiún ar Dheonú Paitinní Eorpacha (Coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha), arna leasú (dá ngairfear 'CPE' anseo feasta) bunaíodh Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha agus cuireadh de chúram uirthi paitinní Eorpacha a dheonú. Is í Oifig na bPaitinní Eorpacha a chomhlíonfaidh an cúram sin. Arna iarraidh sin ag sealbhóir na paitinne, ba cheart do na paitinní Eorpacha arna ndeonú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha faoi na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i CPE, tairbhiú d'éifeacht aonadach de bhua an Rialacháin seo i gcríocha na mBallstát rannpháirteach (dá ngairfear 'paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach' anseo feasta).

(6) Foráiltear i gCuid IX de CPE go bhféadfaidh grúpa Ballstát d'Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha a fhoráil gur paitinní Eorpacha de chineál aonadach a dheonófar do na Stáit sin. Is éard atá sa Rialachán seo comhaontú speisialta de réir bhrí Airteagal 142 de CPE, conradh réigiúnach paitinne de réir bhrí Airteagal 45(1) den Chonradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní an 19 Meitheamh 1970 agus comhaontú speisialta de réir bhrí Airteagal 19 den Choinbhinsiún chun Maoin Tionsclaíochta a Chosaint, a síníodh i bPáras an 20 Márta 1883 agus a leasaíodh go deireanach an 14 Iúil 1967.

(7) Ba cheart cruthú na cosanta aonadaí paitinne a chur i gcrích trí éifeacht aonadach a thabhairt do phaitinní Eorpacha sa chéim iardheonúcháin de bhua an Rialacháin seo agus i leith na mBallstát rannpháirteach. Ba cheart gurb é príomhghné na bPaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a ngné aonadach, i.e. go dtugann siad cosaint aonfhoirmeach agus go bhfuil éifeacht chothrom acu sna Ballstáit rannpháirteacha go léir. Dá bhrí sin, níor cheart paitinn Eorpach le héifeacht aonadach a theorannú, a cheadúnú, a thraschur, a chúlghairm nó a dhul in éag ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach go léir. D'fhonn raon feidhme substainteach aonfhoirmeach na cosanta arna deonú le cosaint aonadach phaitinne a áirithiú, ba cheart gurb iad na paitinní Eorpacha a deonaíodh do na Ballstáit rannpháirteacha uile a bhfuil an tacar éileamh céanna acu, agus na paitinní sin amháin, a thairbheoidh d'éifeacht aonadach. Mar sin féin, d'fhonn deimhnitheacht dhlíthiúil a áirithiú i gcás teorannú nó cúlghairme ar fhoras easpa úrnuachta de bhun Airteagal 54(3) CPE, ní bheidh éifeacht ag teorannú nó cúlghairm paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach/an Bhallstáit rannpháirtigh atá ainmnithe san iarratas níos luaithe ar phaitinn Eorpach mar atá foilsithe. Faoi dheireadh, ba cheart an éifeacht aonadach arna sannadh do phaitinn Eorpach a bheith de chineál coimhdeach agus ba cheart go mbeadh deireadh léi nó teorainn léi sa mhéid go bhfuil an phaitinn bhunúsach Eorpach cúlghairmthe nó go bhfuil teorainn curtha léi.

(8) I gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí na bpaitinní agus le hAirteagal 64(1) de CPE, ba cheart go mbeadh éifeacht ag an gcosaint aonadach phaitinne go haisghníomhach i gcríocha na mBallstát rannpháirteach amhail ón dáta ar a bhfoilsítear lua dheonú na paitinne Eorpaí i

bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha. I gcás ina dtiocfaidh éifeacht aonadach i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha a áirithiú go measfar nár tháinig an phaitinn Eorpach i bhfeidhm ar a gcríoch ar an dáta ar a bhfoilsíodh lua an deonúcháin mar phaitinn náisiúnta d'fhonn aon dúbláil ar chosaint phaitinne ar a gcríocha a sheachaint, rud a thiocfadh as an bpaitinn Eorpach chéanna a dheonú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha.

(9) I gcás ábhar nár cumhdaíodh sa Rialachán seo nó i Rialachán …/… ón gComhairle [socruithe aistriúcháin], beidh feidhm ag forálacha CPE agus ag an dlí náisiúnta lena n-áirítear rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh.

(10) Ba cheart go gcumasódh na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach do shealbhóir na paitinne aon tríú páirtí nach bhfuair a thoiliú a chosc ó úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as an aireagán ar chríocha na mBallstát rannpháirteach. Mar sin féin, ba cheart go gcumasódh roinnt teorainneacha ar chearta shealbhóir na paitinne do thríú páirtithe an t-aireagán a úsáid, mar shampla chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála, chun críoch turgnaimh, le haghaidh gníomhartha arna gceadú go sonrach faoi dhlí an Aontais (maidir le táirgí míochaine tréidliachta, táirgí míochaine le caitheamh ag an duine, cearta maidir le cineálacha plandaí, cosaint dlí aireagán biteicneolaíoch) de réir an dlí idirnáisiúnta agus le húsáid ag feirmeoir beostoic chosanta chun críoch feirmeoireachta.

(11) I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart prionsabal ídiú na gceart a chur i bhfeidhm freisin maidir le paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag cearta arna ndeonú ag paitinn Eorpach le héifeacht aonadach maidir le gníomhartha a bhaineann le táirge arna gclúdach ag an bpaitinn sin, a dhéantar laistigh de chríocha na mBallstát rannpháirteach tar éis do shealbhóir na paitinne an táirge sin a chur ar an margadh san Aontas.

(12) Ba cheart déileáil le paitinn Eorpach le héifeacht aonadach ina hiomláine mar mhír maoine, agus sna Ballstáit rannpháirteacha uile, mar phaitinn náisiúnta an Bhallstáit rannpháirtigh ina raibh, de réir Chlár na bPaitinní Eorpacha, a ghnátháit chónaithe nó a phríomhionad gnó ag sealbhóir na paitinne ar an dáta ar ar cuireadh isteach iarratas ar an bpaitinn. Más rud é nach raibh a áit chónaithe nó a ionad gnó ag sealbhóir na paitinne in aon cheann de na Ballstáit rannpháirteacha, ba cheart déileáil leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar phaitinn náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a ceanncheathrú ag Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha.

(13) D'fhonn saothrú eacnamaíoch aireagán arna gcosaint ag paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a chur chun cinn agus a éascú, ba cheart go mbeadh sealbhóir na paitinne ábalta a phaitinn a thairiscint lena ceadúnú d'aon duine a chomhlíonann na téarmaí agus na coinníollacha arna leagan amach ag sealbhóir na paitinne i gcomaoin cúitimh iomchuí. Chuige sin, féadfaidh sealbhóir na paitinne ráiteas a chur isteach chuig Oifig na bPaitinní Eorpacha á rá go bhfuil sé sásta ceadúnas a dheonú i gcomaoin cúitimh iomchuí. Sa chás sin, ba cheart do shealbhóir na paitinne, tar éis d'Oifig na bPaitinní an ráiteas sin a fháil, tairbhiú de laghdú ar na táillí athnuachana.

(14) Féadfaidh an grúpa Ballstát a bhaineann úsáid as Cuid IX de CPE cúraimí a chur ar Oifig an bPaitinní Eorpacha agus Roghchoiste de chuid Chomhairle Riaracháin Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha a bhunú (dá ngairfear 'Roghchoiste' anseo feasta).

(15) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha cúraimí áirithe riaracháin a bhaineann le paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a chur ar Oifig na bPaitinní, go háirithe maidir le hiarrataí ar éifeacht aonadach a riar, maidir le héifeacht aonadach agus aon teorannú, ceadúnú, thraschur, cúlghairm nó dul in éag paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a chlárú, maidir le táillí athnuachana a bhailiú agus a athdháileadh, maidir le haistriúcháin chun críoch faisnéise a fhoilsiú le linn idirthréimhse agus maidir le scéim chúitimh a riar i leith costas aistriúcháin d'iarratasóirí atá ag cur iarratas isteach ar phaitinn Eorpach i dteanga seachas ceann de theangacha oifigiúla Oifig na bPaitinní Eorpacha Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha a áirithiú go gcuirtear isteach iarrataí ar éifeacht aonadach chuig Oifig na bPaitinní Eorpacha laistigh d'aon mhí amháin ón dáta ar a bhfoilsítear lua an deonúcháin i bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha agus go gcuirtear isteach iad i dteanga na nósanna imeachta os comhair Oifig na bPaitinní Eorpacha, mar aon leis an aistriúchán arna fhorordú, le linn na hidirthréimhse, le Rialachán …/… ón gComhairle [socruithe aistriúcháin].

(16) Ba cheart do shealbhóirí na bpaitinní aon táille athnuachana bhliantúil choiteann amháin a íoc as paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach. Ba cheart táillí athnuachana a bheith forchéimnitheach ar feadh théarma na cosanta paitinne agus, mar aon leis na táillí atá le híoc le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha le linn na céime réamhdheonúcháin, ba cheart go gclúdóidh siad na costais uile a bhaineann le paitinn Eorpach a dheonú agus cosaint aonadach phaitinne a riar. Ba cheart leibhéal na dtáillí athnuachana a shocrú leis an aidhm nuálaíocht a éascú agus iomaíochas na ngnólachtaí Eorpacha a chothú. Ba cheart don leibhéal sin freagairt do mhéid an mhargaidh atá clúdaithe ag an bpaitinn freisin agus é a bheith cosúil le leibhéal na dtáillí athnuachana náisiúnta i gcás gnáthphaitinne Eorpaí a thagann i bhfeidhm sna Ballstáit rannpháirteacha tráth a shocraíonn an Coimisiún leibhéal na dtáillí athnuachana den chéad uair.

(17) D'fhonn leibhéal agus dáileadh iomchuí táillí athnuachana a chinneadh agus d'fhonn a áirithiú go bhfuil costais uile na gcúraimí i ndáil le cosaint aonadach phaitinne arna dtabhairt de chúram ar Oifig na bPaitinní Eorpacha clúdaithe go hiomlán leis na hacmhainní arna nginiúint ag Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha le linn na céime réamhdheonúcháin, áirithítear leis an ioncam ó na táillí athnuachana go bhfuil buiséad comhardaithe ag Oifig na bPaitinní Eorpacha.

(18) Ba cheart táillí athnuachana a íoc le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha. Déanfar 50 faoin gcéad den tsuim sin lúide speansais arna dtabhú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha i gcomhlíonadh cúraimí i ndáil le cosaint aonadach phaitinne a dháileadh ar na Ballstáit rannpháirteacha, agus ba cheart iad a úsáid chun críocha a bhaineann le paitinní. Ba cheart an cion dáilte a shocrú ar bhonn critéar cóir, cothromasach agus ábhartha, eadhon, leibhéal na gníomhaíochta paitinne agus méid an mhargaidh. Ba cheart go dtabharfaí leis an dáileadh cúiteamh i gcás teanga oifigiúla eile seachas ceann de theangacha oifigiúla Oifig na bPaitinní Eorpacha a bheith ann, i gcás leibhéil ghníomhaíochta phaitinne atá go díréireach íseal agus i gcás ballraíochta in Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha a fuarthas go deireanach.

(19) D'fhonn leibhéal agus dáileadh iomchuí táillí athnuachana a áirithiú i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht maidir le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leibhéal na dtáillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach agus i ndáil le dáileadh na dtáillí sin idir Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha agus na Ballstáit rannpháirteacha. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha

tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(20) Trí chomhpháirtíocht fheabhsaithe idir Oifig na bPaitinní Eorpacha agus lároifigí maoine tionscail de chuid na mBallstát, ba cheart Oifig na bPaitinní Eorpacha a chumasú, nuair is iomchuí, úsáid rialta a bhaint as aon chuardach a dhéanann lároifigí maoine tionscail ar iarratas ar phaitinn náisiúnta, a n-éilítear a tosaíocht in iarratas a dhéantar ar phaitinn Eorpach ina dhiaidh sin. Is féidir leis na lároifigí maoine tionsclaíochta uile, lena n-áirítear na cinn nach ndéanann cuardaigh le linn nós imeachta deonúcháin paitinne náisiúnta, ról fíor-riachtanach a bheith acu faoin gcomhpháirtíocht fheabhsaithe, inter alia, ag tabhairt comhairle agus tacaíochta d'iarratasóirí ionchasacha paitinne, go háirithe do na fiontair bheaga agus mheanmhéide, trí iarratais a chur ar aghaidh chuig Oifig na bPaitinní agus trí fhaisnéis faoi phaitinní a scaipeadh.

(21) Ba cheart an Rialachán seo a chomhlánú le Rialachán…/…ón gComhairle lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú i ndáil leis na socruithe aistriúcháin is infheidhme, arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 118(2) den CFAE.

(22) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do cheart na mBallstát paitinní náisiúnta a dheonú agus níor cheart go ngabhfadh sé in ionad dhlíthe na mBallstát maidir le paitinní. Ba cheart go mbeadh saorchead i gcónaí ag iarratasóirí paitinne paitinn náisiúnta, paitinn Eorpach le héifeacht aonadach, paitinn Eorpach a thagann i bhfeidhm i gceann amháin nó níos mó de Stáit Chonarthacha CPE, nó paitinn Eorpach le héifeacht aonadach arna bailíochtú ina theannta sin i gceann amháin nó níos mó de Stáit Chonarthacha eile CPE nach bhfuil i measc na mBallstát rannpháirteach, a fháil.

(23) Ós rud é gur féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon, cosaint aonadach phaitinne a chruthú, a chur i gcrích níos fearr ar leibhéal an Aontais, de bharr scála agus éifeachtaí an Rialacháin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh trí bhíthin comhair fheabhsaithe nuair is iomchuí, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir seo a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leis an Rialachán seo cuirtear an comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú atá údaraithe le Cinneadh 2011/167/AE ón gComhairle.

Is éard atá sa Rialachán seo comhaontú speisialta de réir bhrí Airteagal 142 den Choinbhinsiún ar Dheonú Paitinní Eorpacha (Coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha), arna leasú (dá ngairfear 'CPE' anseo feasta).

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'Ballstát rannpháirteach' Ballstát atá rannpháirteach, tráth a dhéantar an iarraidh ar éifeacht aonadach dá dtagraítear in Airteagal 12, i gcomhar feabhsaithe maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú de bhua Chinneadh 2011/167/AE ón gComhairle, nó de bhua cinnidh a glacadh i gcomhréir leis an dara nó an tríú fomhír d'Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(b) ciallaíonn 'paitinn Eorpach' paitinn arna deonú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha faoi na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos in CPE;

(c) ciallaíonn 'paitinn Eorpach le héifeacht aonadach' paitinn Eorpach a thairbhíonn d'éifeacht aonadach i gcríocha na mBallstát rannpháirteach de bhua an Rialacháin seo;

(d) ciallaíonn 'Clár na bPaitinní Eorpacha' an clár a choimeádann Oifig na bPaitinní Eorpacha faoi Airteagal 127 de CPE;

(e) Ciallaíonn 'Feasachán na bPaitinní Eorpacha' an foilseachán tréimhsiúil dá bhforáiltear in Airteagal 129 de CPE.

*Airteagal 3*
*Paitinn Eorpach le héifeacht aonadach*

1. Paitinní Eorpacha arna ndeonú le raon feidhme cosanta comhionann i ndáil leis na Ballstáit rannpháirteacha, tairbheoidh siad d'éifeacht aonadach sna Ballstáit rannpháirteacha ar chuntar go bhfuil a n-éifeacht aonadach cláraithe sa Chlár um chosaint aonadach phaitinne dá dtagraítear in Airteagal 12(1)(b).

   Paitinní Eorpacha arna ndeonú le tacair dhifriúla éileamh do Bhallstáit rannpháirteacha difriúla, ní thairbheoidh siad d'éifeacht aonadach.

2. Beidh paitinn Eorpach le héifeacht aonadach de chineál aonadach. Tabharfar cosaint aonfhoirmeach léi agus beidh éifeacht chomhionann aici sna Ballstáit rannpháirteacha go léir.

   Gan dochar d'Airteagal 5, ní fhéadtar paitinn Eorpach le héifeacht aonadach a theorannú, a cheadúnú, a thraschur, a chúlghairm nó a dhul in éag ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach go léir.

3. Measfar nach bhfuil éifeacht aonadach paitinne Eorpaí tagtha chun cinn a mhéid is go bhfuil an phaitinn Eorpach culghairmthe nó teoranta.

*Airteagal 4*
*Dáta feidhme*

1. Tiocfaidh paitinn Eorpach le héifeacht aonadach i bhfeidhm i gcríocha na mBallstát rannpháirteach ar an dáta ar a bhfoilsíonn Oifig na bPaitinní Eorpacha lua dheonú na paitinne Eorpaí i bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha.

2. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás inar cláraíodh éifeacht aonadach paitinne Eorpaí, go measfar nár tháinig an phaitinn Eorpach i bhfeidhm mar phaitinn náisiúnta ina gcríocha ar an dáta ar a bhfoilsíodh lua an deonúcháin i bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha.

*Airteagal 5*
*Réamhchearta*

I gcás teorannú nó cúlghairme ar fhoras easpa úrnuachta de bhun Airteagal 54(3) de CPE, ní thiocfaidh teorannú nó cúlghairm paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach i bhfeidhm ach amháin i leith na mBallstát rannpháirteach/an Bhallstáit rannpháirtigh atá ainmnithe san iarratas níos luaithe ar phaitinn Eorpach mar atá foilsithe.

## CAIBIDIL II
## ÉIFEACHTAÍ NA PAITINNE EORPAÍ LE HÉIFEACHT AONADACH

*Airteagal 6*
*Ceart um úsáid dhíreach an aireagáin a chosc*

Leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach, bronnfar ceart ar a sealbhóir aon tríú páirtí nach bhfuair toiliú an tsealbhóra a chosc ón méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) táirge is ábhar don phaitinn a dhéanamh, a thairiscint, a chur ar an margadh nó a úsáid, nó an táirge a allmhairiú nó a stóráil chun na críocha sin;

(b) próiseas is ábhar don phaitinn a úsáid nó, nuair is eol do thríú páirtí, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go bhfuil cosc ar úsáid an phróisis gan chead ón sealbhóir, próiseas a thairiscint le húsáid laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha;

(c) táirge a thairiscint, a chur ar an margadh, a úsáid, a allmhairiú nó a stóráil chun na críocha sin i gcás táirge a fuarthas go díreach ó phróiseas is ábhar don phaitinn.

*Airteagal 7*
*Ceart um úsáid indíreach an aireagáin a chosc*

1. Leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach, bronnfar an ceart ar an sealbhóir aon tríú páirtí a chosc ó mhodhanna a bhaineann le heilimint shár-riachtanach den aireagán sin a sholáthar, nó a thairiscint iad a sholáthar, laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha, do dhuine ar bith gan toiliú an tsealbhóra, seachas páirtí atá i dteideal an aireagáin phaitinnithe a shaothrú.

Baineann na modhanna sin leis an eilimint shár-riachtanach den aireagán a chur i bhfeidhm ann, nuair is eol don tríú páirtí, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go bhfuil na modhanna sin oiriúnach chun an t-aireagán sin a chur i bhfeidhm agus go bhfuil siad beartaithe chuige sin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 nuair is príomhtháirgí tráchtála iad na modhanna, ach amháin nuair a aslaíonn an tríú páirtí an duine ar soláthraíodh na modhanna dó chun tabhairt faoi ghníomhartha a choisctear de réir Airteagal 6.

3. Ní mheasfar daoine a dhéanann na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(a) go (d) a bheith ina bpáirtithe atá i dteideal an t-aireagán a shaothrú de réir bhrí mhír 1.

*Airteagal 8*
*Éifeachtaí na paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach a theorannú*

Ní bheidh feidhm ag na cearta arna mbronnadh ag an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhartha a dhéantar go príobháideach chun críoch neamhthráchtála;

(b) gníomhartha a dhéantar chun críoch turgnaimh a bhaineann le hábhar an aireagáin phaitinnithe;

(c) gníomhartha nach ndéantar ach amháin chun críocha na dtástálacha agus na dtrialacha is gá i gcomhréir le hAirteagal 13(6) de Threoir 2001/82/CE[26] nó Airteagal 10(6) de Threoir 2001/83/CE[27], i ndáil le haon phaitinn a chlúdaíonn an táirge de réir bhrí ceachtar de na Treoracha sin;

(d) an t-ullmhúchán leithleach cógais i gcógaslann le haghaidh cásanna indibhidiúla i gcomhréir le hoideas liachta ná gníomhartha a bhaineann leis an gcógas a ullmhaítear ar an gcuma sin;

(e) úsáid an aireagáin phaitinnithe ar bord soitheach tíortha seachas na mBallstát rannpháirteach, i gcabhail an tsoithigh, ina innealra, ina thácla, ina fhearas nó ina ghabhálais eile, nuair a théann na soithigh sin go sealadach nó de thaisme isteach in uiscí na mBallstát rannpháirteach, ar chuntar go n-úsáidtear an t-aireagán ann go heisiach do riachtanais an tsoithigh;

(f) úsáid an aireagáin phaitinnithe i dtógáil nó in oibriú aerárthach nó feithiclí talún nó modhanna eile iompair de chuid Stát seachas na mBallstát rannpháirteach, nó gabhálas do na haerárthaigh nó feithiclí talún sin, nuair a théann siadsan isteach sna Ballstáit rannpháirteacha go sealadach nó de thaisme;

---

26 Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail i ndáil le táirgí míochaine tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1) mar atá leasaithe.

27 Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gCód Chomhphobail i ndáil le táirgí míochaine le gcaitheamh ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67), mar atá leasaithe.

(g) na gníomhartha a shonraítear in Airteagal 27 den Choinbhinsiún ar Eitlíocht Shibhialta Náisiúnta an 7 Nollaig 1944[28], i gcás ina mbaineann na gníomhartha sin le haerárthaigh tíre eile seachas Ballstát rannpháirteach;

(h) gníomhartha mar atá clúdaithe ag pribhléid na bhfeirmeoirí de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94[29] a bhfuil feidhm aige *mutatis mutandis*;

(i) úsáid beostoic chosanta ag feirmeoir chun críoch feirmeoireachta, ar chuntar gur dhíol sealbhóir na paitinne na hainmhithe póir nó aon ábhar pórúcháin eile ainmhithe leis an bhfeirmeoir nó gur thráchtáil sé ar bhealach eile iad leis an bhfeirmeoir, lena thoiliú. Áirítear san úsáid sin soláthar an ainmhí nó aon ábhar pórúcháin eile ainmhithe chun críocha a ghníomhaíochta talmhaíochta, ach ní áirítear a ndíol faoi chuimsiú gníomhaíochta pórúcháin tráchtála nó chun na críocha sin;

(j) na gníomhartha agus úsáid na faisnéise a fuarthas mar atá ceadaithe faoi Airteagal 5 agus faoi Airteagal 6 de Threoir 91/250/CEE[30] ón gComhairle, go háirithe, trína forálacha maidir le díthiomsú agus idir-inoibritheacht; agus

(k) na gníomhartha a cheadaítear de bhun Airteagal 10 de Threoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

*Airteagal 9*
*Ídiú na gceart arna ndeonú ag an bPaitinn Eorpach le héifeacht aonadach*

Ní bheidh feidhm ag na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach maidir le gníomhartha a bhaineann leis an táirge arna chlúdach ag an bpaitinn sin a dhéantar laistigh de chríocha na mBallstát rannpháirteach tar éis do shealbhóir na paitinne an táirge sin a chur ar an margadh san Aontas nó a thoiliú a thabhairt chuige sin, mura bhfuil forais dhlisteanacha ann ar a gcuirfeadh an sealbhóir i gcoinne tuilleadh tráchtálaithe an táirge.

---

28 An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), 'Coinbhinsiún Chicago' Doiciméad 7300/9 (9ú heagrán, 2006).

29 Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1).

30 Treoir 91/250/CEE ón gComhairle an 14 Bealtaine 1991 maidir le cosaint dlí ríomhchlár (IO L 122, 17.5.1991, lch. 42.

31 Treoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 1998 maidir le cosaint dlí aireagán biteicneolaíoch (IO L 213, 30.7.1998, lch. 13).

## CAIBIDIL III
## PAITINN EORPACH LE hÉIFEACHT AONADACH MAR MHÍR MHAOINE

*Airteagal 10*
*Déileáil le paitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar phaitinn náisiúnta*

1. Déileálfar le paitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar mhír mhaoine ina hiomláine agus sna Ballstáit rannpháirteacha uile mar phaitinn náisiúnta an Bhallstáit rannpháirtigh, ina bhfuil, de réir Chlár na bPaitinní Eorpacha:

(a) a áit chónaithe nó a phríomhionad gnó ag sealbhóir na paitinne ar an dáta ar ar cuireadh isteach an t-iarratas ar phaitinn; nó

(b) i gcás nach bhfuil feidhm ag fomhír (a), ionad gnó ag an sealbhóir ar an dáta sin.

2. I gcás ina luaitear beirt nó níos mó mar chomhshealbhóirí i gClár na bPaitinní Eorpacha, beidh feidhm ag mír 1(a) maidir leis an gcomhshealbhóir a luaitear ar dtús. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, beidh feidhm ag mír 1(a) maidir leis an gcéad chomhshealbhóir eile a luaitear in ord iontrála. I gcás nach bhfuil feidhm ag mír 1(a) maidir le haon duine de na comhshealbhóirí, beidh feidhm ag mír 1(b) dá réir.

3. I gcás nach bhfuil a áit chónaithe nó a ionad gnó ag sealbhóir ar bith i mBallstát rannpháirteach chun críocha mhír 1 nó mhír 2, déileálfar leis an bpaitinn Eorpach le héifeacht aonadach mar mhír mhaoine ina iomláine agus, sna Ballstáit rannpháirteacha uile, mar phaitinn náisiúnta an Stáit ina bhfuil a ceanncheathrú ag Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de CPE.

4. Ní fhéadfaidh fáil cirt a bheith ag brath ar aon iontráil i gclár paitinní náisiúnta.

*Airteagal 11*
*Ceadúnais chirt*

1. Féadfaidh sealbhóir paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach ráiteas a chur chuig Oifig na bPaitinní Eorpacha ag rá go bhfuil sé sásta cead a thabhairt do dhuine ar bith an t-aireagán a úsáid mar cheadúnaí i gcomaoin cúitimh iomchuí.

2. Déileálfar le ceadúnas a fhaightear faoin Rialachán seo mar cheadúnas conarthach.

# CAIBIDIL IV
# FORÁLACHA AG RIALÚ NA nINSTITIÚIDÍ

*Airteagal 12*
*Cur chun feidhme ag na Ballstáit rannpháirteacha*

1. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha, de réir bhrí Airteagal 143 de CPE, na cúraimí seo a leanas ar Oifig na bPaitinní Eorpacha, cúraimí a bheidh le comhlíonadh i gcomhréir le rialacha inmheánacha Oifig na bPaitinní Eorpacha:

   (a) iarrataí ar éifeacht aonadach ó shealbhóirí paitinní Eorpacha a riar;

   (b) Clár um chosaint aonadach phaitinne ina gcláraítear éifeacht aonadach chomh maith le haon teorannú, ceadúnú, traschur, cúlghairm nó dul in éag paitinne Eorpaí le héifeacht aonadach a áireamh agus a riar, laistigh de Chlár na bPaitinní Eorpacha;

   (c) ráitis ar cheadúnú dá dtagraítear in Airteagal 11 a ghlacadh agus a chlárú, cúlghairm na ráiteas sin agus gealltanais cheadúnúcháin a gabhadh de láimh i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

   (d) foilsiú na n-aistriúchán dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán …/…ón gComhairle [socruithe aistriúcháin] le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear san Airteagal sin;

   (e) táillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a bhailiú agus a riar, i leith na mblianta tar éis na bliana ina luann an Clár dá dtagraítear i bpointe (b) a ndeonú; táillí breise a bhailiú agus a riar i gcásanna inar íocadh táillí athnuachana déanach laistigh de shé mhí ón dáta dlite, chomh maith le cuid de na táillí athnuachana a bailíodh a dháileadh ar na Ballstáit rannpháirteacha; agus

   (f) scéim chúitimh i leith costas aistriúcháin a riar d'iarratasóirí atá ag cur isteach iarratas ar phaitinní Eorpacha i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais nach teanga oifigiúil de chuid Oifig na bPaitinní í.

   Chun críocha phointe (a) áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gcomhdófar iarrataí ar éifeacht aonadach ó shealbhóir na paitinne i dteanga na nósanna imeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 14(3) de CPE tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhoilsiú lua an deonúcháin i bhFeasachán na bPaitinní Eorpacha.

   Chun críocha phointe (b), áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go léireofar an éifeacht aonadach sa Chlár um chosaint aonadach phaitinne, i gcás ina gcomhdaíodh iarraidh ar éifeacht aonadach agus, le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán…/…ón gComhairle [socruithe aistriúcháin] gur cuireadh isteach é in éineacht leis na haistriúcháin dá dtagraítear san Airteagal sin; agus go gcuirfear Oifig na bPaitinní Eorpacha ar an eolas faoi theorainneacha agus faoi chúlghairmeacha paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach.

2. Ina gcáil mar Stáit Chonarthacha CPE, áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha rialachas agus maoirsiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na cúraimí dá dtagraíonn Oifig na bPaitinní

Eorpacha i mír 1. Chuige sin, bunóidh siad Roghchoiste de chuid Chomhairle Riaracháin Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha de réir bhrí Airteagal 145 de CPE.

3. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha cosaint dlí éifeachtach os comhair cúirte náisiúnta i gcoinne chinntí Oifig na bPaitinní Eorpacha agus í ag comhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear i mír 1.

## CAIBIDIL V
## FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 13*
*Prionsabal*

Na speansais arna dtabhú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha i gcomhlíonadh na gcúraimí breise arna dtabhairt ag na Ballstáit d'Oifig na bPaitinní Eorpacha, de réir bhrí Airteagal 143 de CPE, clúdófar iad le táillí arna nginiúint ag paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach.

*Airteagal 14*
*Táillí athnuachana*

1. Maidir le táillí athnuachan agus táillí breise i gcás íocaíochta déanaí táillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach, íocfaidh sealbhóir na paitinne iad le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha. Beidh na táillí sin dlite i leith na mblianta tar éis na bliana ina luann Clár na bPaitinní Eorpacha deonú na paitinne Eorpaí a thairbhíonn d'éifeacht aonadach de bhua an Rialacháin seo.

2. Rachaidh paitinn Eorpach le héifeacht aonadach in éag más rud é nach íoctar táille athnuachana nó, i gcás inar infheidhme, aon táille breise, in am is i dtráth.

3. I gcás Airteagal 11(1), laghdófar na táillí athnuachana do phaitinní a bheidh dlite, tar éis an ráiteas a fháil.

*Airteagal 15*
*Leibhéal na dtáillí athnuachana*

1. Beidh na táillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach:

   (a) forchéimnitheach i gcaitheamh théarma na cosanta aonadaí paitinne, agus

   (b) leordhóthanach ní hé amháin chun na costais uile a bhaineann le deonú na paitinne Eorpaí agus riaradh na cosanta aonadaí paitinne a chlúdach, ach freisin,

   (c) leordhóthanach in éineacht leis na táillí atá le híoc le hEagraíocht na bPaitinní Eorpacha le linn na céime réamhdheonúcháin, d'fhonn buiséad comhardaithe Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha a áirithiú.

2. Socrófar leibhéal na dtáillí athnuachana leis na haidhmeanna seo a leanas:

(a) nuálaíocht a éascú agus iomaíochas gnólachtaí Eorpacha a chothú,

(b) chun freagairt do mhéid an mhargaidh atá clúdaithe ag an bpaitinn, agus

(c) chun a bheith cosúil le leibhéal na dtáillí athnuachana náisiúnta do ghnáthphaitinn Eorpach a thagann i bhfeidhm sna Ballstáit rannpháirteacha tráth a shocraíonn an Coimisiún leibhéal na dtáillí athnuachana den chéad uair.

3. D'fhonn na cuspóirí sin a leagtar amach sa Chaibidil seo a bhaint amach, socróidh an Coimisiún leibhéal na dtáillí athnuachana ag leibhéal:

(a) atá comhionann le leibhéal na táille athnuachana atá le híoc le gnáthchlúdach geografach paitinní Eorpacha reatha,

(b) a fhreagraíonn do ráta athnuachana paitinní Eorpacha reatha, agus do

(c) líon na n-iarrataí ar chosaint aonadach.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 1-3 agus Airteagal 17 maidir le leibhéal na dtáillí athnuachana do phaitinní Eorpacha le héifeacht aonadach a shocrú.

*Airteagal 16*
*Dáileadh*

1. Maidir leis an gcuid sin de na táillí athnuachana a bailíodh agus atá le dáileadh ar na Ballstáit rannpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), is éard a bheidh inti 50 faoin gcéad de na táillí athnuachana dá dtagraítear in Airteagal 14 arna n-íoc i leith paitinní Eorpacha le héifeacht aonadach lúide na costais a bhaineann le riaradh na cosanta aonadaí paitinne dá dtagraítear in Airteagal 12.

2. D'fhonn na cuspóirí sin a leagtar amach sa Chaibidil seo a bhaint amach, socróidh an Coimisiún cion dáilte táillí athnuachana dá dtagraítear i mír 1 i measc na mBallstát rannpháirteach ar bhonn na gcritéar cóir, cothromasach agus ábhartha seo a leanas:

(a) líon na n-iarratas ar phaitinní,

(b) méid an mhargaidh arna sloinneadh de réir líon an daonra,

(c) soláthar cúitimh do Bhallstáit i gcás teanga oifigiúla eile seachas ceann de theangacha oifigiúla Oifig na bPaitinní Eorpacha a bheith ann, i gcás leibhéil gníomhaíochta paitinne atá go díréireach íseal agus i gcás ballraíochta in Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha a fuarthas go deireanach.

3. Úsáidfidh na Ballstáit rannpháirteacha an tsuim a leithdháilfear orthu i gcomhréir le mír 1 chun críocha a bhaineann le paitinní.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 1-3 agus Airteagal 17 maidir le dáileadh na dtáillí athnuachana idir na Ballstáit rannpháirteacha a shocrú.

*Airteagal 17*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Bronnfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 16 ar feadh tréimhse éiginnte ó [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 16 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ag dáta níos déanaí a shonrófar inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 agus Airteagal 16 i bhfeidhm ach amháin mura bhfuil agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, roimh don tréimhse sin dul in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

## CAIBIDIL VI
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 18*
*Comhar idir an Coimisiún agus Oifig na bPaitinní Eorpacha*

Bunóidh an Coimisiún dlúthchomhar trí chomhaontú oibre le hOifig na bPaitinní Eorpacha sna réimsí atá clúdaithe ag an Rialachán seo. Áireofar ar an gcomhar sin malartuithe rialta barúlacha maidir le feidhmiú an chomhaontaithe oibre agus go háirithe maidir le ceist na dtáillí athnuachana agus an tionchar a bheidh ar bhuiséad Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha.

*Airteagal 19*
*Dlí na hiomaíochta agus dlí na hiomaíochta éagóraí a chur i bhfeidhm*

Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta agus dhlí na hiomaíochta éagóraí.

*Airteagal 20*
*Tuarascáil ar fheidhmiú an Rialacháin seo*

1. Tráth nach déanaí ná sé bliana ón dáta ar a dtiocfaidh an chéad phaitinn le héifeacht aonadach i bhfeidhm i gcríocha na mBallstát rannpháirteach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le feidhmiú an Rialacháin seo agus, nuair is gá, déanfaidh sé tograí maidir lena leasú. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascálacha ina dhiaidh sin maidir le feidhmiú an Rialacháin seo gach sé bliana.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascálacha go rialta maidir le feidhmiú na dtáillí athnuachana dá dtagraítear in Airteagal 14 agus béim ar leith á leagan ar chomhlíonadh leanúnach na bprionsabal atá leagtha amach in Airteagal 15.

*Airteagal 21*
*Fógra a fháil ó na Ballstáit rannpháirteacha*

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na bearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus Airteagal 12 faoin dáta atá socraithe in Airteagal 22(2).

*Airteagal 22*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ó [*socrófar dáta sonrach i gcomhthráth leis an dáta ar a gcuirfear i bhfeidhm Rialachán…/…ón gComhairle maidir le comhar feabhsaithe a chur chun feidhme maidir le cosaint aonadach phaitinne a chruthú i ndáil le socruithe infheidhme aistriúcháin*].

3. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus Airteagal 12 ar bun roimh dháta an iarratais nó ar an dáta atá socraithe i mír 2.

4. Féadfar cosaint aonadach phaitinne a iarraidh d'aon phaitinn Eorpach a dheonaítear ar an dáta atá socraithe i mír 2 nó tar éis an dáta sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán';[* | *An tUachtarán';[* |